AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 14.11.2024
COM(2024) 525 final

2024/0291 (NLE)

Togra le haghaidh

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh ag an 17ú cruinniú de chuid Choiste na bPáirtithe i gCoinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun Foréigean in aghaidh na mBan agus Foréigean Teaghlaigh a Chosc agus a Chomhrac maidir le cinneadh a ghlacadh le haghaidh an nós imeachta chun moltaí a eisiúint do Pháirtithe sa chéad bhabhta meastóireachta téamaí, i ndáil le hábhair a bhaineann le hinstitiúidí agus le riarachán poiblí an Aontais**

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. ÁBHAR AN TOGRA

Baineann an togra seo leis an gcinneadh lena mbunaítear an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais ag an 17ú cruinniú de Choiste na bPáirtithe (‘CoP’) i gCoinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chosc agus a chomhrac (‘Coinbhinsiún Iostanbúl’ nó ‘an Coinbhinsiún’) an 17 Nollaig 2024, i ndáil le dréachtchinneadh atá beartaithe a ghlacadh maidir le nós imeachta nua an Choiste chun moltaí a eisiúint do Pháirtithe maidir le cur chun feidhme an Choinbhinsiúin ag na Páirtithe sin, bunaithe ar an gcéad bhabhta meastóireachta téamaí ag an nGrúpa Saineolaithe um Ghníomhaíocht in aghaidh Foréigean ar Mhná agus Foréigean Baile (‘GREVIO) dar teideal *Building trust by delivering support, protection and justice* [Muinín a chothú trí thacaíocht, cosaint agus ceartas a thabhairt].

## 2. COMHTHÉACS AN TOGRA

### 2.1. Coinbhinsiún Iostanbúl

Is é is aidhm do Choinbhinsiún Iostanbúl sraith rialacha chomhchuibhithe chuimsitheach a leagan síos chun foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chosc agus a chomhrac san Eoraip agus níos faide i gcéin. Tháinig an Coinbhinsiún i bhfeidhm an 1 Lúnasa 2014.

Shínigh an tAontas an Coinbhinsiún i mí an Mheithimh 2017, agus thug sé i gcrích an nós imeachta aontachais agus dhá ionstraim formheasa á dtaisceadh aige an 28 Meitheamh 2023, lenar tionscnaíodh teacht i bhfeidhm an Choinbhinsiúin don Aontas Eorpach an 1 Deireadh Fómhair 2023. D’aontaigh an tAontas don Choinbhinsiún a mhéid a bhaineann le hábhair a thagann faoina inniúlacht eisiach, is é sin maidir le hábhair a bhaineann le hinstitiúidí agus le riarachán poiblí an Aontais[1] agus i ndáil le hábhair a bhaineann le comhar breithiúnach in ábhair choiriúla, le tearmann agus le *non-refoulement*[2]. Shínigh Ballstáit uile an Aontais an Coinbhinsiún agus dhaingnigh 22 Bhallstát é[3].

---

1 Cinneadh (AE) 2023/1075 ón gComhairle an 1 Meitheamh 2023 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chosc agus a chomhrac maidir le hinstitiúidí agus le riarachán poiblí an Aontais, IO L 143 I, 2.6.2023, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2023/1075/oj.

2 Cinneadh (AE) 2023/1076 ón gComhairle an 1 Meitheamh 2023 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chosc agus a chomhrac i ndáil le hábhair a bhaineann le comhar breithiúnach in ábhair choiriúla, agus le tearmann agus *non-refoulement*, IO L 143 I, 2.6.2023, lch. 4, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2023/1075/oj.

3 Stádas na ndaingnithe i mí na Samhna 2024: AT (2013); BE (2016); CY (2017); DE (2017); DK (2014); IE (2019); EL (2018); ES (2014); EE (2017) FI (2015); FR (2014); HR (2018); IT (2013); LU (2018); MT (2014); NL (2015); PL (2015); PT (2013); RO (2016); SI (2015); SV (2014), LV (2023).

### 2.2. Coiste na bPáirtithe

Ionadaithe na bPáirtithe sa Choinbhinsiún atá in CoP[4]. Ní mór do na páirtithe féachaint chuige saineolaithe den chéim is airde is féidir a ainmniú mar ionadaithe dá gcuid, ar saineolaithe iad sa réimse chun an foréigean in aghaidh na mban agus an foréigean teaghlaigh a chosc agus a chomhrac agus a bheidh ag feidhmiú ina n-ionadaithe do na páirtithe.[5]. Liostaítear na cúraimí a thugtar do CoP i Riail 1 de Rialacha Nós Imeachta an Choiste[6]. An 1 Deireadh Fómhair 2023, rinneadh páirtí den Aontas Eorpach i gCoinbhinsiún Iostanbúl agus, dá bhrí sin, bhí sé ina chomhalta de CoP (Airteagal 67(1) den Choinbhinsiún).

### 2.3. Sásra faireacháin Choinbhinsiún Iostanbúl

Cuirtear sásra faireacháin ar bun le Coinbhinsiún Iostanbúl chun a áirithiú go gcuirfidh na Páirtithe forálacha an Choinbhinsiúin chun feidhme go héifeachtach[7]. Is é is cuspóir dó measúnú a dhéanamh ar an gcaoi a gcuirtear forálacha an Choinbhinsiúin i bhfeidhm agus treoraíocht a thabhairt do Pháirtithe. Tá dhá chomhlacht ar leith sa sásra faireacháin sin ach bíonn siad ag obair i gcomhar le chéile: GREVIO agus CoP. Is grúpa saineolaithe neamhspleách é GREVIO a bhfuil sé de chúram air faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme Choinbhinsiún Iostanbúl de réir tíre, i gcomhréir le hAirteagal 66(1) den Choinbhinsiún.

Leagtar an nós imeachta faireacháin amach in Airteagal 68 den Choinbhinsiún. I gcomhréir le hAirteagal 68(1), ní mór do na Páirtithe tuarascáil a chur isteach atá bunaithe ar cheistneoir arna ullmhú ag GREVIO, ar tuarascáil í lena sonraítear bearta reachtacha agus bearta eile arna ndéanamh chun éifeacht a thabhairt d'fhorálacha an Choinbhinsiúin. Leis an nós imeachta sin, dá ngairtear an nós imeachta meastóireachta bonnlíne, cuirtear an chéad fhorléargas cuimsitheach ar fáil ar an gcaoi a bhfuil beagnach gach foráil den Choinbhinsiún á cur chun feidhme ag an bPáirtí. Ar bhonn an cheistneora agus na faisnéise breise ó ghníomhaithe ábhartha eile, dréachtóidh GREVIO tuarascáil ina n-áirítear tograí le haghaidh bearta ba cheart don Pháirtí a dhéanamh chun a oibleagáidí faoin gCoinbhinsiún a chomhlíonadh.

Ar bhonn tuarascálacha ó GREVIO agus a chonclúidí, féadfaidh CoP, i gcomhréir le hAirteagal 68(12) den Choinbhinsiún, moltaí a ghlacadh a bheidh dírithe chuig an bPáirtí lena mbaineann maidir le cur chun feidhme an Choinbhinsiúin agus féadfaidh sé dáta a shocrú chun faisnéis a chur isteach maidir leis na moltaí sin a chur chun feidhme. Ar bhonn na forála sin, bhí CoP ag glacadh moltaí a dhéanfadh idirdhealú idir na gníomhaíochtaí sin a mheasann sé gur cheart don Pháirtí lena mbaineann a dhéanamh a luaithe is féidir, agus ceanglas ann tuairisc a thabhairt do CoP maidir leis na bearta a rinneadh ina leith sin laistigh de thréimhse 3 bliana, agus na bearta sin a mheasann CoP a d'fhéadfaí a fhágáil in áit tánaisteach, cé go bhfuil siad tábhachtach.

Ag an 4ú cruinniú a tionóladh an 30 Eanáir 2018 bhunaigh an Coiste an nós imeachta is infheidhme maidir le moltaí a eisiúint bunaithe ar thuarascálacha bonnlíne ó GREVIO agus leagtar amach an nós imeachta sin i ndoiciméad IC-CP(2018)6[8]. Mar achoimre, comhaontaíodh gur cheart go ndíreodh moltaí ar easnaimh a shainaithin GREVIO mar

---

4 [Committee of the Parties - Istanbul Convention: Action against violence against women and domestic violence (coe.int)] [Coiste na bPáirtithe - Coinbhinsiún Iostanbúl: Gníomhaíocht in aghaidh foréigean ar mhná agus foréigean baile (coe.int)]

5 Riail 2.1.b de Rialacha Nós Imeachta Choiste na bPáirtithe.

6 Doiciméad IC-CP(2015)2, a glacadh an 4 Bealtaine 2015.

7 Airteagal 1(2) de Choinbhinsiún Iostanbúl.

8 Plépháipéar maidir le Coiste na bPáirtithe ag glacadh moltaí i bhfianaise thuarascálacha agus thograí/mholtaí ó GREVIO, IC-CP(2018)6.

easnaimh a éilíonn gníomhú láithreach, arna léiriú ag an mbriathar '*gríosaigh*', agus ar na heasnaimh siúd laistigh de Chaibidlí I agus II den Choinbhinsiún a éilíonn beart feabhais go luath amach anseo, mar a léirítear leis an mbriathar '*mol go láidir*'.

Cé go measann GREVIO go bhfuil a chuid tograí go léir tábhachtach, tá ordlathas práinne bunaithe aige, a chuirtear in iúl trí bhriathra éagsúla a úsáid: '*gríosaigh*', '*mol go láidir*', '*spreag*', agus '*iarr ar*'. Chinn CoP go sonrach na tograí lena mbaineann '*mol go láidir*' ó Chaibidlí I agus II den Choinbhinsiún a chur san áireamh ina mholtaí i ngeall ar an tábhacht an-mhór a bhaineann leo, ós rud é go dtugann siad bonn ar fáil chun an chuid eile den Choinbhinsiún a chur chun feidhme go héifeachtach. Shainaithin GREVIO freisin bearnaí suntasacha i gcur chun feidhme na gCaibidlí sin. Thairis sin, comhaontaíodh gur cheart 3 bliana a thabhairt do na Páirtithe chun na moltaí ó COP a chur chun feidhme agus tuairisc a thabhairt ar na moltaí sin dó. Ar deireadh, chinn CoP a iarraidh go sainráite ar an bPáirtí na tograí eile ó GREVIO a chur chun feidhme, gan tuilleadh tuairiscithe a éileamh ar na saincheisteanna sin nach bhfuil chomh práinneach céanna, mar bhealach chun tograí ó GREVIO a fhormhuiniú ina n-iomláine.

### 2.4. Na babhtaí meastóireachta téamaí

Ós rud é go bhfuil an nós imeachta meastóireachta bonnlíne curtha i gcrích le haghaidh beagnach gach Páirtí sa Choinbhinsiún, chinn GREVIO go déanach in 2022 dul ar aghaidh go dtí an chéad chéim eile sa mheastóireacht ar chomhlíonadh an Choinbhinsiúin ag na Stát is Páirtithe. I gcomhréir le hAirteagal 68(3) den Choinbhinsiún, is ina mbabhtaí a roinnfear nósanna imeachta meastóireachta GREVIO de réir na meastóireachta bonnlíne. Ag tús gach babhta, roghnóidh GREVIO forálacha sonracha chun meastóireacht a dhéanamh orthu agus seolfaidh sé ceistneoir amach ar mhaithe le faisnéis a bhailiú maidir lena gcur chun feidhme. Ar bhonn na faisnéise a bhaileofar, eiseoidh GREVIO tuarascálacha. Tugtar babhtaí meastóireachta téamaí GREVIO ar an bpróiseas sin.

Is é an teideal atá ar an gcéad bhabhta meastóireachta téamach *'Building Trust by Delivering Support, Protection and Justice'* [Muinín a Chothú trí Thacaíocht, Cosaint agus Ceartas a Thabhairt] agus beidh sé ar siúl ó 2023 go 2031. Cé gur cumhdaíodh thart ar 60 airteagal de Choinbhinsiún Iostanbúl sa mheastóireacht bhonnlíne, tugtar aghaidh sa nós imeachta meastóireachta téamaí nua ar 19 bhforáil shonracha[9]. Leagtar amach sna forálacha sin caighdeáin do ghníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí, do ghníomhaithe ceartais choiriúil, do sholáthar seirbhísí tacaíochta ginearálta agus speisialaithe d'íospartaigh, agus do chur chuige foriomlán atá dírithe ar íospartaigh. Is é an aidhm atá ann measúnú níos grinne a sholáthar ar na réimsí sin, lena ndírítear ar an dul chun cinn atá déanta faoi gach foráil.

Chun moltaí a ghlacadh atá dírithe chuig na Páirtithe agus atá bunaithe ar mheastóireacht théamach nua GREVIO, ní mór do CoP nós imeachta tiomnaithe a bhunú. Rinneadh réamhphlé ar an ábhar sin ag cruinniú CoP an 3 Bealtaine 2024, bunaithe ar phlépháipéar a chuir an Rúnaíocht i dtoll a chéile [IC-CP(2024)6][10]. Tar éis an phlé sin, scaip Rúnaíocht CoP

[9] Airteagail 7, 8, 11, 12, 14, 15, 16, 18, 20, 22, 25, 31, 48, 49, 50, 51, 52, 53 agus 56 de Choinbhinsiún Iostanbúl, Ceistneoir GREVIO chun meastóireacht a dhéanamh ar chur chun feidhme Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chosc agus a chomhrac ag na Páirtithe sa chéad babhta meastóireachta téamaí acu: *Building trust by delivering support, protection and justice:* [Muinín a chothú trí thacaíocht, cosaint agus ceartas a thabhairt:] 1680a90c67 (coe.int)

[10] Plépháipéar dar teideal *'Discussion paper on the adoption of recommendations by the Committee of the Parties in light of GREVIO's first thematic evaluation reports and proposals/suggestions made'*

dréachtchinneadh [IC-CP(2024)10] i mí Mheán Fómhair 2024 maidir leis an nós imeachta chun moltaí den sórt sin a eisiúint, mar aon le teimpléad ina leagtar amach struchtúr beartaithe na moltaí atá le díriú chuig na Páirtithe[11]. Tá an dréachtchinneadh bunaithe den chuid is mó ar an nós imeachta is infheidhme maidir le moltaí a eisiúint bunaithe ar thuarascálacha bonnlíne GREVIO.

## 2.5. An gníomh atá beartaithe ag Coiste na bPáirtithe

Le linn an 17ú cruinniú de CoP a thionólfar an 17 Nollaig 2024, foráiltear go rachaidh CoP ar aghaidh le cinneadh a ghlacadh maidir le nós imeachta nua an Choiste chun moltaí a eisiúint do na Páirtithe i ndáil le cur chun feidhme Choinbhinsiún Iostanbúl bunaithe ar thuarascálacha na chéad mheastóireachta téamaí ó GREVIO, mar aon le teimpléad ina leagfar amach struchtúr na moltaí sin a bheidh ann amach anseo ('an gníomh atá beartaithe').

Is féidir achoimre a dhéanamh ar an nós imeachta mar a mhol Rúnaíocht CoP sa doiciméad IC-CP(2024)10 mar seo a leanas:

- Ba cheart a chumhdach leis na moltaí na tograí sna tuarascálacha meastóireachta téamaí a measann GREVIO gur cheart iad a leigheas go measartha práinneach ('*gríosaigh*') agus na tograí sin a measann GREVIO gur cheart iad a leigheas go luath amach anseo ('*mol go láidir*'), maidir le caibidlí uile an Choinbhinsiúin.
- Déanfaidh CoP maoirseacht ar chur chun feidhme na moltaí sin, i gcomhréir lena Rialacha Nós Imeachta, trína iarraidh ar an bPáirtí tuarascáil i scríbhinn a chur isteach maidir leis an gcaoi ar chuir sé na moltaí chun feidhme laistigh de 3 bliana ó ghlacadh na moltaí. Féadfaidh CoP a roghnú ina dhiaidh sin gan aon chéim mhaoirseachta eile a thabhairt chun forluí le haon bhabhta meastóireachta a dhéanfaidh GREVIO amach anseo a sheachaint.
- Ba cheart a mholadh go sainráite sna moltaí go ndéanfadh an Páirtí na tograí eile ó GREVIO a chur chun feidhme, gan gá le tuilleadh tuairiscithe a dhéanamh ar na saincheisteanna sin nach bhfuil chomh práinneach céanna, mar bhealach chun conclúidí ó GREVIO a fhormhuiniú ina n-iomláine, agus a iarraidh ar an bPáirtí dul i mbun idirphlé leanúnach le GREVIO.

# 3. AN SEASAMH ATÁ LE GLACADH THAR CEANN AN AONTAIS

An gníomh atá beartaithe, baineann sé leis an togra ó ó Rúnaíocht CoP maidir le raon feidhme Choinbhinsiún Iostanbúl agus leis an nós imeachta chun moltaí a eisiúint do Pháirtithe maidir le Coinbhinsiún Iostanbúl a chur chun feidhme, bunaithe ar thuarascálacha na chéad mheastóireachta téamaí ó GREVIO, mar aon le teimpléad ina leagtar amach struchtúr na moltaí sin a bheidh ann amach anseo. Baineann an babhta meastóireachta téamaí le forálacha an Choinbhinsiúin a chuireann na Páirtithe chun feidhme, forálacha atá ábhartha do riaracháin phoiblí na bPáirtithe féin a bheith ag cur an Choinbhinsiúin chun feidhme, lena n-áirítear institiúidí agus riarachán poiblí an Aontais. Tá na moltaí atá beartaithe ag CoP in ann tionchar cinntitheach a imirt ar inneachar dhlí an Aontais, toisc go bhféadfaidís difear a dhéanamh do léirmhíniú fhorálacha ábhartha Choinbhinsiún Iostanbúl amach anseo. Leis an ngníomh atá

[Plépháipéar maidir le moltaí a ghlacadh ag Coiste na bPáirtithe i bhfianaise thuarascálacha na chéad mheastóireachta téamaí ó GREVIO agus na dtograí/na moltaí a rinneadh].

11 Cinneadh maidir leis na moltaí atá le glacadh ag Coiste na bPáirtithe i bhfianaise thuarascálacha GREVIO arna nglacadh mar chuid dá chéad bhabhta meastóireachta téamaí [IC-CP(2024)10]

beartaithe, cinntear an nós imeachta chun moltaí a ghlacadh agus chun maoirseacht a dhéanamh ar chur chun feidhme na moltaí arna n-eisiúint chuig na Páirtithe agus beidh sé ina cheangal ar an Aontas. Dá bhrí sin, is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i gCoiste na bPáirtithe a leagan amach maidir le hábhair a bhaineann le hinstitiúidí agus le riarachán poiblí an Aontais.

Moltar go n-aontóidh an tAontas leis an togra ón Rúnaíocht, ós rud é go bhfuil an nós imeachta atá molta ag teacht leis an nós imeachta meastóireachta bonnlíne a bhí éifeachtach agus go n-áirithítear leis cur chun feidhme éifeachtach na bhforálacha uile a roghnaíodh don mheastóireacht théamach, agus próisis faireacháin fhorluiteacha á seachaint an tráth céanna.

Is le raon feidhme na moltaí a bhaineann an t-athrú atá beartaithe le hais an nós imeachta meastóireachta bonnlíne. Leis an togra nua, leathnófaí an raon feidhme ionas go gcuirfí san áireamh na conclúidí uile a measann GREVIO go bhfuil gá le gníomhaíocht phráinneach ina leith (‘*mol go láidir*’), seachas moltaí a theorannú do Chaibidlí I agus II den Choinbhinsiún faoi mar a rinneadh leis an nós imeachta roimhe seo. Ba cheart an raon feidhme níos leithne sin a bheith inghlactha, mar is dócha go laghdófar líon foriomlán na gconclúidí le hais thuarascálacha meastóireachta bonnlíne GREVIO, ó tharla nach dtugtar aghaidh sa tuarascáil théamach ach ar 19 nAirteagal den Choinbhinsiún.

Ina theannta sin, is mionathrú ar an togra é go luaitear go sainráite ann go bhféadfaidh CoP a roghnú gan aon chéim mhaoirseachta eile a thabhairt tar éis tuarascálacha i scríbhinn a fháil maidir le cur chun feidhme na moltaí, chun forluí le babhtaí meastóireachta a dhéanfaidh GREVIO amach anseo a sheachaint. Leis sin, tugtar aghaidh ar na hábhair imní a chuir na Páirtithe in iúl maidir le próisis faireacháin fhorluiteacha, ós rud é go raibh orthu meastóireachtaí bonnlíne agus meastóireachtaí téamacha araon a bhainistiú an tráth céanna. Ba cheart é sin a bheith inghlactha freisin, i bhfianaise an ghá atá le nósanna imeachta a chuíchóiriú agus an t-ualach ar na Páirtithe a laghdú.

Mionathrú eile is ea go luaitear go sainráite go n-iarrann COP ar an bPáirtí leanúint den idirphlé le GREVIO maidir le dul chun cinn. Ba cheart é sin a bheith inghlactha freisin toisc go bhfuil an t-idirphlé sin gan oibleagáid agus go bhféadfadh sé a bheith ina chuidiú don Pháirtí atá i gceist.

# 4. AN BUNÚS DLÍ

## 4.1. Bunús dlí don nós imeachta

### *4.1.1. Prionsabail*

In Airteagal 218(9) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) déantar foráil maidir le cinntí lena mbunófar ‘*na seasaimh a ghlacfar thar ceann an Aontais i gcomhlacht arna chur ar bun le comhaontú nuair a iarrtar ar an gcomhlacht sin gníomhartha a ghlacadh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo, seachas gníomhartha lena bhforlíonfar nó lena leasófar creat institiúideach an chomhaontaithe*.’

Cuimsítear sa choincheap ‘*na ngníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo*’ gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo de bhua na rialacha de chuid an dlí idirnáisiúnta lena rialaítear an comhlacht atá i gceist. Cuimsítear ann freisin ionstraimí nach bhfuil éifeacht

cheangailteach leo faoin dlí idirnáisiúnta, ach a d'fhéadfadh '*tionchar cinntitheach a imirt ar inneachar na reachtaíochta a ghlacfaidh reachtóir an Aontais Eorpaigh*'[12].

*4.1.2. Feidhm maidir leis an gcás seo*

Is comhlacht é Coiste na bPáirtithe a cuireadh ar bun le Coinbhinsiún Iostanbúl. Is é atá sa dréachtchinneadh a iarrtar ar Choiste na bPáirtithe a ghlacadh gníomh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leis toisc go gcinnfear leis an nós imeachta maidir le cur chun feidhme na moltaí do na Páirtithe a ghlacadh agus a mhaoirsiú bunaithe ar an mbabhta meastóireachta téamaí i ndáil le hábhair a bhaineann le hinstitiúidí agus le riarachán poiblí an Aontais, rud a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do léirmhíniú fhorálacha ábhartha an Choinbhinsiúin amach anseo agus, dá bhrí sin, d'fhéadfaidís tionchar cinntitheach a imirt ar inneachar dhlí an Aontais. Dá bhrí sin, is é Airteagal 218(9) CFAE atá ina bhunús dlí nós imeachta don cinneadh atá beartaithe.

## 4.2. Bunús dlí substainteach

*4.2.1. Prionsabail*

An bunús dlí substainteach don chinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE, braitheann sé go príomha ar chuspóir agus ar inneachar an ghnímh atá beartaithe a nglacfar seasamh thar ceann an Aontais ina leith. Má shaothraítear dhá aidhm leis an ngníomh atá beartaithe nó má tá dhá chomhpháirt ann agus más féidir a shainaithint gur príomhaidhm nó príomh-chomhpháirt atá i gceann de na haidhmeanna nó de na comhpháirteanna sin, agus gan sa cheann eile ach aidhm nó comhpháirt theagmhasach, ní mór an cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE a bhunú ar bhunús dlí substainteach aonair, is é sin an bunús dlí a cheanglaítear leis an bpríomhaidhm nó leis an bpríomh-chomhpháirt.

Maidir le gníomh atá beartaithe a bhfuil roinnt cuspóirí éagsúla á saothrú leis an tráth céanna, nó a bhfuil roinnt comhpháirteanna éagsúla ann, ar cuspóirí nó comhpháirteanna iad atá i ndlúthnasc do-scartha le chéile gan aon cheann acu a bheith teagmhasach le hais an chinn eile, ní mór, ar bhonn eisceachtúil, na bunúis dlí chomhfhreagracha éagsúla a áireamh sa bhunús dlí substainteach le haghaidh cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE.

*4.2.2. Feidhm maidir leis an gcás seo*

Is é príomhchuspóir an ghnímh atá beartaithe na nósanna imeachta a leagan síos chun é a chur ar a chumas do COP moltaí a ghlacadh do Pháirtithe bunaithe ar thuarascálacha meastóireachta téamaí nua ó GREVIO. Baineann an babhta meastóireachta téamaí le forálacha an Choinbhinsiúin a chuireann na Páirtithe chun feidhme, forálacha atá ábhartha do riaracháin phoiblí na bPáirtithe féin a bheith ag cur an Choinbhinsiúin chun feidhme, lena n-áirítear institiúidí agus riarachán poiblí an Aontais. D'aontaigh an tAontas don Choinbhinsiún a mhéid a bhaineann le hábhair a thagann faoina inniúlacht eisiach, is é sin maidir le hábhair a bhaineann le hinstitiúidí agus le riarachán poiblí an Aontais[13] agus i ndáil le hábhair a bhaineann le comhar breithiúnach in ábhair choiriúla, le tearmann agus le *non-refoulement*[14]. Roinneadh aontachas an Aontais le Coinbhinsiún Iostanbúl ina dhá Chinneadh

[12] Breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 7 Deireadh Fómhair 2014, an Ghearmáin v an Chomhairle, C-399/12, ECLI:EU:C:2014:2258, míreanna 61 go 64.

[13] Cinneadh (AE) 2023/1075 ón gComhairle an 1 Meitheamh 2023 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chosc agus a chomhrac maidir le hinstitiúidí agus riarachán poiblí an Aontais, IO L 143 I, 2.6.2023, lgh. 1–3.

[14] Cinneadh (AE) 2023/1076 ón gComhairle an 1 Meitheamh 2023 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun foréigean in aghaidh na mban agus

ar leith ón gComhairle chun seasamh speisialta na Danmhairge agus na hÉireann a chur san áireamh maidir le Teideal V CFAE. Dá bhrí sin, an cinneadh lena mbunaítear an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais in CoP i ndáil leis an ngníomh atá beartaithe, tá sé le roinnt ina dhá chinneadh chomhthreomhara.

An bunús dlí don chinneadh seo, baineann sé le hábhair i ndáil le hinstitiúidí agus le riarachán poiblí an Aontais. Dá bhrí sin, is é Airteagal 336 CFAE atá ina bhunús dlí substainteach don chinneadh seo.

### 4.3. Conclúid

Is é Airteagal 336 CFAE, i gcomhar le hAirteagal 218(9) CFAE, ba cheart a bheith ina mbunús dlí don chinneadh atá beartaithe.

foréigean teaghlaigh a chosc agus a chomhrac i ndáil le hábhair a bhaineann le comhar breithiúnach in ábhair choiriúla, agus le tearmann agus *non-refoulement*, IO L 143 I, 2.6.2023, lgh. 4–6.

2024/0291 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

## maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh ag an 17ú cruinniú de chuid Choiste na bPáirtithe i gCoinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun Foréigean in aghaidh na mBan agus Foréigean Teaghlaigh a Chosc agus a Chomhrac maidir le cinneadh a ghlacadh le haghaidh an nós imeachta chun moltaí a eisiúint do Pháirtithe sa chéad bhabhta meastóireachta téamaí, i ndáil le hábhair a bhaineann le hinstitiúidí agus le riarachán poiblí an Aontais

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 336 de, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Maidir le Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chosc agus a chomhrac ('an Coinbhinsiún') thug an tAontas Eorpach i gcrích é le Cinneadh (AE) 2023/1075 ón gComhairle[15], maidir le hinstitiúidí agus le riarachán poiblí an Aontais, agus le Cinneadh (AE) 2023/1076 ón gComhairle[16], i ndáil le hábhair a bhaineann le comhar breithiúnach in ábhair choiriúla, le tearmann agus le *non-refoulement*, a mhéid a thagann siad faoi inniúlacht eisiach an Aontais, agus tháinig sé i bhfeidhm i leith an Aontais an 1 Deireadh Fómhair 2023.

(2) I gcomhréir le hAirteagal 66(1) den Choinbhinsiún, cuireadh de chúram ar an nGrúpa Saineolaithe um ghníomhaíocht in aghaidh foréigean ar mhná agus foréigean baile ('GREVIO') faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme an Choinbhinsiúin ag a Pháirtithe. I gcomhréir le hAirteagal 68(3) den Choinbhinsiún, na nósanna imeachta meastóireachta a thiocfaidh ina dhiaidh tar éis nós imeachta na chéad mheastóireachta bonnlíne, roinnfear iad ina mbabhtaí, dá dtagraítear babhtaí meastóireachta téamaí GREVIO. De bhun Airteagal 68(11) den Choinbhinsiún, tá GREVIO lena thuarascáil agus a chonclúidí a ghlacadh maidir leis na bearta arna ndéanamh ag an bPáirtí lena mbaineann chun forálacha ábhartha an Choinbhinsiúin a chur chun feidhme. Ar bhonn na dtuarascálacha ó GREVIO, féadfaidh Coiste na bPáirtithe sa Choinbhinsiún moltaí atá dírithe chuig an bPáirtí lena mbaineann a ghlacadh, i gcomhréir le hAirteagal 68(12) den Choinbhinsiún.

[15] Cinneadh (AE) 2023/1075 ón gComhairle an 1 Meitheamh 2023 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chosc agus a chomhrac maidir le hinstitiúidí agus riarachán poiblí an Aontais, IO L 143 I, 2.6.2023, lgh. 1–3.

[16] Cinneadh (AE) 2023/1076 ón gComhairle an 1 Meitheamh 2023 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chosc agus a chomhrac i ndáil le hábhair a bhaineann le comhar breithiúnach in ábhair choiriúla, agus le tearmann agus *non-refoulement*, IO L 143 I, 2.6.2023, lgh 4–6.

(3) An chéad bhabhta meastóireachta téamaí, dar teideal *'Building Trust by Delivering Support, Protection and Justice'* [Muinín a Chothú trí Thacaíocht, Cosaint agus Ceartas a Thabhairt] seoladh é in 2022 agus beidh sé ar siúl ó 2023 go 2031. Tugtar aghaidh ar 19 bhforáil ar leith den Choinbhinsiún[17] agus baineann sé le Páirtithe a bheith ag cur fhorálacha an Choinbhinsiúin chun feidhme a bhfuil feidhm acu freisin maidir leis an Aontas i dtaca lena institiúidí féin agus lena riarachán poiblí féin.

(4) I mí Mheán Fómhair 2024, roinn Rúnaíocht Choiste na bPáirtithe dréachtchinneadh maidir leis na moltaí atá le glacadh ag Coiste na bPáirtithe i bhfianaise na dtuarascálacha ó GREVIO arna nglacadh mar chuid dá chéad bhabhta meastóireachta téamaí [IC-CP(2024)10], lena bhforáiltear do nós imeachta chun moltaí a ghlacadh agus chun maoirseacht a dhéanamh orthu ina dhiaidh sin ag Coiste na bPáirtithe agus ina bhfuil moladh samplach. Tá an dréachtchinneadh le plé agus, más féidir, le glacadh ag an 17ú cruinniú de Choiste na bPáirtithe an 17 Nollaig 2024.

(5) Tá inniúlacht eisiach ag an Aontas glacadh le hoibleagáidí a leagtar amach sa Choinbhinsiún maidir lena institiúidí agus lena riarachán poiblí féin, faoi raon feidhme Airteagal 336 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. I dTuairim 1/19 (Coinbhinsiún Iostanbúl) uaithi an 6 Deireadh Fómhair 2021, EU:C:2021:832, mír 305, dheimhnigh an Chúirt Bhreithiúnais maidir le cuid shuntasach d'oibleagáidí an Choinbhinsiúin a bhaineann le bearta coisctheacha agus cosanta a ghlacadh, go bhfuil siad ina gceangal ar an Aontas, go bunúsach, a mhéid a bhaineann le baill den phobal a thugann cuairt ar áitribh agus ar fhoirgnimh a institiúidí, a ghníomhaireachtaí agus a chomhlachtaí.

(6) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i gCoiste na bPáirtithe a bhunú ós rud é gurb é an gníomh atá beartaithe a chinnfidh an nós imeachta maidir le glacadh agus le maoirseacht chur chun feidhme na moltaí atá dírithe chuig na Páirtithe i ndáil le hábhair a bhaineann le hinstitiúidí agus le riarachán poiblí an Aontais. Beidh na moltaí sin CoP in ann tionchar cinntitheach a imirt ar inneachar dhlí an Aontais, toisc go bhféadfaidís difear a dhéanamh don léirmhíniú a dhéanfar ar fhorálacha ábhartha an Choinbhinsiúin amach anseo.

(7) De réir an dréachtchinnidh, ba cheart na moltaí a theorannú do na hábhair imní is práinní a shainaithin GREVIO ina thuarascálacha. Áirítear orthu sin a measann G a bheith mar easnaimh a éilíonn gníomhú láithreach ina leith, i gcás ina n-úsáideann sé an briathar '*gríosaigh*', chomh maith leis na saincheisteanna sin a chreideann GREVIO gur cheart iad a leigheas go luath amach anseo, a léirítear leis an mbriathar '*mol go láidir*', lena gcumhdaítear gach caibidil den Choinbhinsiún.

(8) A mhéid a bhaineann leis an maoirseacht, foráiltear leis an dréachtchinneadh gur cheart do Choiste na bPáirtithe maoirseacht a dhéanamh ar chur chun feidhme na moltaí sin trína iarraidh ar an bPáirtí tuarascáil i scríbhinn a chur isteach maidir leis na bearta a rinneadh laistigh de thréimhse 3 bliana tar éis ghlacadh na moltaí. Féadfaidh CoP a roghnú ina dhiaidh sin gan aon chéim mhaoirseachta eile a thabhairt chun forluí le haon bhabhta meastóireachta a dhéanfaidh GREVIO amach anseo a sheachaint.

(9) Ar deireadh, foráiltear leis an dréachtchinneadh gur cheart go molfaí leis na moltaí don Pháirtí na tograí eile ó GREVIO nach bhfuil chomh práinneach céanna a chur chun feidhme, mar bhealach chun conclúidí GREVIO a fhormhuiniú ina n-iomláine, agus chun a iarraidh ar an bPáirtí dul i mbun idirphlé leanúnach le GREVIO.

[17] Airteagail 7, 8, 11, 12, 14, 15, 16, 18, 20, 22, 25, 31, 48, 49, 50, 51, 52, 53 agus 56 de Choinbhinsiún Iostanbúl.

(10) Moltar go n-aontóidh an tAontas leis an togra ón Rúnaíocht, ós rud é go bhfuil an nós imeachta atá molta ag teacht leis an nós imeachta meastóireachta bonnlíne a bhí éifeachtach agus go n-áirithítear leis cur chun feidhme éifeachtach na bhforálacha uile a roghnaíodh don mheastóireacht théamach, agus próisis faireacháin fhorluiteacha á seachaint an tráth céanna.

(11) Dá bhrí sin, ba cheart gurb é seasamh an Aontais laistigh de Choiste na bPáirtithe tacú le glacadh an dréachtchinnidh i ndoiciméad IC-CP(2024)10, lena n-áirítear an moladh samplach atá beartaithe i bhFoscríbhinn I a ghabhann leis.

(12) Chun go mbeidh an tsolúbthacht is gá ann le linn chruinniú Choiste na bPáirtithe, ba cheart foráil a dhéanamh go bhféadfar mionathruithe ar an dréachtchinneadh a chomhaontú gan cinneadh eile ón gComhairle,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Is é an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais ag an 17ú cruinniú de Choiste na bPáirtithe, arna bhunú faoi Airteagal 67 den Choinbhinsiún, tacú le glacadh an chinnidh maidir leis na moltaí atá le glacadh ag Coiste na bPáirtithe i bhfianaise na dtuarascálacha ó GREVIO arna nglacadh mar chuid dá chéad bhabhta meastóireachta téamaí [IC-CP(2024)10], lena n-áirítear an moladh samplach atá beartaithe i bhFoscríbhinn I a ghabhann leis.

*Airteagal 2*

Féadfaidh ionadaithe an Aontais mionathruithe ar an dréacht-Chinneadh IC-CP(2024)10, lena n-áirítear mionathruithe ar Fhoscríbhinn I a ghabhann leis, a aontú i gCoiste na bPáirtithe gan cinneadh eile ón gComhairle.

*Airteagal 3*

Is chuig an gCoimisiún a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*